



Ciorclán 0042/2021

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna,  
na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus  
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Coróinvíreas (COVID-19):  
Socruithe le haghaidh Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta  
atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta**

Ordaíonn an tAire Oideachais duit na socruithe speisialta atá ceaptha chun freastal ar chásanna COVID-19 a chur chun feidhme do mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanas speisialta atá fostaithe i bpoist cheadaithe a chistítear le hairgead ón Oireachtas.

Tá na socruithe speisialta seo le cur chun feidhme ag gach fostóir le héifeacht láithreach agus ní mór do gach múinteoir agus cúntóir riachtanas speisialta i ngach earnáil cloí leo.

I measc na bprionsabal ginearálta atá le cur i bhfeidhm chun COVID-19 a bhainistiú tá sábháilteacht agus leas fostaithe agus íoslaghdú an tionchair ar an teagasc agus ar an bhfoghlaím. Beidh ar fhostóirí breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun fostaithe a imlonnú ar mhaithe le soláthar seirbhísí oideachais a éascú.

Tá an doiciméad ón Rialtas dar teideal [Prótacal um Oibriú go Sábháilte](#), a foilsíodh an 14 Bealtaine 2021, ina leagan athbhreithnithe den Phrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, agus é mar aidhm leis Plean an Rialtais maidir le Maireachtáil le COVID-19 a léiriú. Cuirtear san áireamh sa Phrótacal athbhreithnithe an chomhairle reatha maidir le bearta Sláinte Poiblí agus leagtar amach ann na bearta a theastaíonn san áit oibre chun leathadh COVID-19 a chosc ar mhaithe le hathoscailt áiteanna oibre tar éis dúnadh sealadach, agus oibriú sábháilte leanúnach na n-áiteanna oibre sin, a éascú. Ní mór d'fhostóirí a chinntiú gur cuireadh nósanna imeachta láidre um réamhfhilleadh ar an obair chun feidhme i ngach áitreabh oibre agus go bhfuil na nósanna imeachta sin ag teacht leis an bPrótacal um Oibriú go Sábháilte.

Gabhann an Ciorclán seo in ionad Chiorclán 0021/2021 dar teideal 'Coróinvíreas (COVID-19): Socruithe le haghaidh Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna aitheanta'. Gabhann an Ciorclán seo in ionad Nótaí Faisnéise TC 0013/2021 agus TC 0025/2021 freisin.

Cinntigh go scaipfead an Ciorclán seo ar gach comhalta den Bhord Bainistíochta/den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingeofar aird na múinteoirí agus na gcúntóirí riachtanas speisialta uile atá fostaithe agat ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead.

Ba cheart gach ceist a chur ar dtús ar an bhfostóir, ar féidir go mbeidh sé ag iarraidh dul i gcomhairle lena eagraíocht ionadaíoch ina leith. Féadfar aon cheisteanna eile a bhaineann leis an gCiorclán seo a chur ar an Roinn ach ríomhphost a chur chuig an seoladh seo a leanas: [teachersna@education.gov.ie](mailto:teachersna@education.gov.ie).

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag <https://www.gov.ie/en/service/3393f-coronavirus-covid19-special-leave-with-pay-for-teachers-and-special-needs-assistants-employed-in-recognised-primary-and-post-primary-schools/>

**Clare Butler**  
**Príomhoifigeach**  
**An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha -**  
**Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta**

**Sinéad Keenaghan**  
**Príomhoifigeach**  
**An Rannóg Párolla**

**11 Lúnasa 2021**

## Clár Ábhar

1. Forálacha Ginearálta.....	7
1.1 Réamhrá.....	7
1.2 Cuspóir an Chiorcláin seo .....	7
1.3 Plean Freagartha COVID-19 .....	7
1.4 Foirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair .....	7
1.5 Measúnuithe Riosca .....	8
1.6 Éiríonn fostaí tinn.....	8
1.7 Vacsáinthe Covid-19.....	8
1.8 Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.....	9
1.9 Comhlíonadh .....	10
1.10 An tSeirbhís Chúnamh d'Fhostaithe.....	10
2. Saoire Speisialta le Pá tar éis Dhiagnóis COVID-19.....	11
2.1 Saoire Speisialta le Pá.....	11
2.2 Nósanna Imeachta Iarratais le haghaidh Saoire Speisialta le Pá.....	12
2.3 Féinleithlisiú .....	12
2.4 Diagnóis COVID-19 .....	12
2.5 Saoire Speisialta Fhadaithe le Pá tar éis 28 lá .....	13
2.6 Gnáthshaoire Bhreiteachta.....	16
3. Gluaiseacht Shrianta .....	17
3.1 Gluaiseacht Shrianta .....	17
3.2 Socruithe saoire ar fhilleadh ó Thaisteal Thar Lear .....	18
4. Grúpaí atá sa Bhaol is Airde .....	19
4.1 Grúpa atá i mBaol An-Ard .....	19
4.2 Grúpa atá i mBaol Ard .....	21
4.3 Fostaithe Torracha.....	21
4.4 Athrú ar Chatagóiriú Riosca Sláinte COVID-19 le linn na scoilbhliana 2021/22.....	23
4.5 Fostaithe Torracha a Oibríonn i Suíomh Oideachais Speisialta .....	23
4.6 Socruithe Malartacha Oibre .....	24
4.7 Fostaí a bhfuil freagrachtaí cúraim nó freagrachtaí cúram leanaí air/uirthi nó a chónaíonn le duine aonair atá i mbaol ard nó atá i mbaol an-ard .....	26
5. Treoir d'Fhostóirí - Socruithe Saoire agus Oibre COVID-19 le haghaidh Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna .....	27
Aguisín A – Iarratas ar Shaoire Speisialta le Pá.....	34
Aguisín B – Foirm Dearbhaithe ón bhFostóir (le haghaidh scoileanna nach scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna iad) .....	36
Aguisín C – Foirm Ceadaithe ón bhFostóir (le haghaidh scoileanna nach scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna iad) - .....	38
Aguisín D – Foirm Dearbhaithe – Grúpa Gluaiseachta Srianata.....	40
Aguisín E – Foirm Dearbhaithe – Grúpa atá i mBaol An-Ard .....	42
Aguisín F – Foirm Dearbhaithe le haghaidh Fostaithe Torracha a Oibríonn i Suíomh Oideachais Speisialta .....	44
Aguisín G – Achoimre le haghaidh Fostaithe Torracha .....	46

## Sainmhínte agus Giorrucháin

Chun críche an Chiorcláin seo, beidh an bhrí a shanntar dóibh anseo leis na téarmaí seo a leanas, ach amháin i gcás go léireoidh an comhthéacs a mhalairt.

**RPCA** – ciallaíonn sé seo an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Fostaí** – ciallaíonn sé seo múinteoir cláraithe nó cúntóir riachtanas speisialta atá fostaithe i bpost ceadaithe a chistítear le hairgead ón Oireachtas.

**Fostóir** – i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail agus pobalscoileanna náisiúnta, ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna agus, i gcás bunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha, ciallaíonn sé seo Bord Bainistíochta/Bainisteoir. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir freagracht as nithe atá leagtha amach sa Chiorclán seo a tharmligean, de réir mar is cuí.

**LEE** – ciallaíonn sé seo an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

**BOO** – ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna.

**AE** – ciallaíonn sé seo an tAontas Eorpach.

**GDPR** – ciallaíonn sé seo an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679).

**GP** – ciallaíonn sé seo Lia-chleachtóir Ginearálta.

**HPSC** – ciallaíonn sé seo an [Lárionad Faire um Chosaint Sláinte](#)

**FSS** – ciallaíonn sé seo Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**Príomhionadaí Oibrithe/Príomhionadaithe Oibrithe** – ciallaíonn sé seo fostaí a ceapadh san áit oibre chun ionadaíocht a dhéanamh do bhaill foirne, ar duine é/í a oibreoidh i gcomhar leis an bhfostóir chun cabhrú le cur chun feidhme na mbeart le haghaidh leathadh COVID-19 a chosc, chun faireachán a dhéanamh ar an dóigh a mbítear ag cloí leis na bearta sin agus chun ról a imirt i gcomhairle sláinte COVID-19 a chur in iúl san áit oibre.

**An tSeirbhís Sláinte Ceirde** – ciallaíonn sé seo soláthraithe a chuireann comhairle leighis neamhspleách ar an bhfostóir maidir le sláinte cheirde. Is é Medmark Occupational Healthcare Ltd soláthraí reatha na seirbhíse sláinte ceirde.

**An Córas Éileamh ar Líne** – ciallaíonn sé seo an córas a úsáidtear chun neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus chun ionadaíocht a éileamh. Tá an córas i

bhfeidhm i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha faoi láthair.

**Pámháistir** – ciallaíonn sé seo an duine/an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc. Is í an Roinn Oideachais an pámháistir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha agus is é an Bord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann an pámháistir i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail.

**Sonraí Pearsanta** – is leis an téarma seo atá an bhrí a thugtar dó le hAirteagal 4 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, is é sin le rá: aon fhaisnéis a bhaineann leis an ábhar sonraí. Chun críche an Chiorcláin seo, áireofar sonraí pearsanta catagóire speisialta le tagairtí do shonraí pearsanta, ach amháin i gcás go sonrúfar a mhalairt.

**Cosaint Shuntasach Vacsaíne** – ciallaíonn sé seo an chosaint atá sonraithe faoi láthair san [fhoilseachán dar teideal 'Treoir maidir le Tionchar an Vacsaínithe ar rianú teagmhála' ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte](#). Tabhair faoi deara gur féidir go dtiocfaidh athrú ar an sainmhíniú sin le himeacht ama. San am i láthair, tá sé sainmhínte go mbeidh Cosaint Shuntasach Vacsaíne ag duine:

- 7 lá tar éis an dara dáileog de vacsaín Pfizer-BioNTech a fháil
- 14 lá tar éis an dara dáileog de vacsaín Moderna a fháil
- 14 lá tar éis dáileog de vacsaín Janssen a fháil (cúrsa vacsaínithe aon dáileoige)
- 15 lá tar éis an dara dáileog de vacsaín AstraZeneca a fháil

**CRS** – ciallaíonn sé seo Cúntóir Riachtanas Speisialta.

**Sonraí Pearsanta Catagóire Speisialta** – is leis an téarma seo atá an bhrí a thugtar dó le hAirteagal 9 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, is é sin: sonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus próiseáil sonraí géiniteacha agus sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainathint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

**Múinteoir** – ciallaíonn sé seo duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

**An Roinn** – ciallaíonn sé seo an Roinn Oideachais.

**Athraitheach ar Ábhar Imní é** – ciallaíonn sé seo athraitheach den víreas, a thagann as sócháin i víris SARS-CoV-2. Bíonn drochiarmhairtí ag na sócháin sin don tsláinte phoiblí. Áirítear leis na hiarmhairtí sin méadú ar in-tarchurthacht, nó ar nimhneacht, agus laghdú ar a éifeachtaí atá vacsaíní, cóireálacha, measúnachtaí diagnóiseacha agus bearta eile sláinte poiblí. Is féidir leis an staid maidir le hathraithigh ar ábhair imní iad athrú go mear. Dá bhrí sin, is féidir go n-athrófar an treoir go measartha minic.

**Measúnú riosca toirchis san áit oibre** – ciallaíonn sé seo an measúnú riosca a dhéanann fostóirí, mar a cheanglaítear faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus faoi na Rialacháin um Thoircheas, 2007.

## **1. Forálacha Ginearálta**

### **1.1 Réamhrá**

- 1.1.1 Víreas ar féidir leis a bheith ina chúis le tinneas a dhéanann difear do na scamhóga agus do na feadáin anála is ea coróinvíreas (COVID-19).
- 1.1.2 Tá oibleagáidí ar an bhfostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, sábháilteacht agus leas ball foirne ag an obair a chinntiú.

### **1.2 Cuspóir an Chiorcláin seo**

- 1.2.1 Is é cuspóir an Chiorcláin seo fostóirí a chur ar an eolas faoi na socruithe atá i bhfeidhm d'fhostaithe faoi láthair maidir le COVID-19. Tá Treoir d'Fhostóirí maidir le COVID-19 ar fáil i [gCaibidil 5](#) den Chiorclán seo, lena n-áirítear na socruithe oibre agus na socruithe saoire a mbeidh feidhm acu maidir le fostaithe sna himthosca sonracha atá mionsonraithe.

### **1.3 Plean Freagartha COVID-19**

- 1.3.1 Is é is aidhm do Phlean Freagartha COVID-19 tacú le fostóirí agus le fostaithe bearta a chur i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a chosc sa timpeallacht scoile. Mionsonraítear ann na beartais agus na cleachtais a theastaíonn chun gur féidir le scoil an 'Prótacal um Oibriú go Sábháilte' ón Rialtas a chur chun feidhme ar mhaithe le tabhairt isteach agus leathadh COVID-19 sa timpeallacht scoile a chosc.
- 1.3.2 Ceanglaítear ar gach fostóir Plean Freagartha COVID-19 atá cothrom le dáta a bheith i bhfeidhm acu. Leagtar amach sa phlean na socruithe atá i bhfeidhm chun áit oibre shábháilte a chinntiú do gach fostaí. Tá oibleagáid ar an bhfostóir Plean Freagartha COVID-19 na scoile a phlé le fostaithe agus a chinntiú go bhfuil gach beart cuí maolaithe riosca i bhfeidhm go soiléir ar mhaithe le hiad a chosaint.
- 1.3.3 Tá sé de dhualgas ar gach fostaí Plean Freagartha COVID-19 na scoile a chomhlíonadh ina iomláine. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh comhoibriú ann idir an fostóir, an fostaí agus an Príomhionadaí Oibríthe/na Príomhionadaithe Oibríthe maidir lena chinntiú go gcloítear leis na bearta.
- 1.3.4 Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an suíomh Gréasáin gov.ie ag an nasc seo a leanas: <https://www.gov.ie/backtoschool>

### **1.4 Foirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair**

- 1.4.1 Mar chuid de Phlean Freagartha COVID-19 na scoile, ní mór d'fhostóirí Foirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair a chur ar fáil lena comhlánú ag gach fostaí chun cabhrú lena bhfilleadh sábháilte ar an áit oibre tar éis neamhláithreachta, lena n-áirítear tar éis na tréimhse samhraidh. Tá teimpléad d'Fhoirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair ar fáil in Aguisín 2 a ghabhann le Plean Freagartha COVID-19 na scoile.
- 1.4.2 Ceanglaítear ar fhostaí, mar chuid de Phlean Freagartha COVID-19 na scoile, Foirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair a chomhlánú roimh an dáta atá sé/sí le filleadh ar an áit oibre.
- 1.4.3 Níor cheart don fhostaí Foirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair a chomhlánú ach uair amháin, i.e. sula bhfillfidh sé/sí ar an áit oibre. Mar sin féin, féadfaidh fostóir iarraidh ar fhostaí a dheimhniú, cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, nár tháinig aon

athrú ar na mionsonraí atá tugtha ar an bhFoirm um Fhilleadh ar an Obair, e.g. tar éis tréimhse ghearr dúnta scoile, tar éis cead neamhláithreachta, tar éis tréimhse taistil nó i gcás go bhfreastalaíonn an fostaí go hainmhinic ar an áit oibre. Ba cheart don fhostóir taifead a choinneáil ar an deimhniú ón bhfostaí.

1.4.4 Ba cheart d'fhostaí nua nó d'fhostaí ionaid a cheaptar chuig scoileanna difriúla/chuig Boird dhifriúla Oideachais agus Oiliúna le linn na scoilbhliana Foirm COVID-19 um Réamhfhilleadh ar an Obair a chomhlánú uair amháin i leith gach fostaí.

1.4.5 Ba cheart d'fhostaí fógra a thabhairt dá f(h)ostóir i gcás go mbeidh aon athruithe ann ar a (h)imthosca ag aon chéim.

## 1.5 Measúnuithe Riosca

1.5.1 Tá oibleagáidí ar an bhfostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, sábháilteacht agus leas ball foirne ag an obair a chinntiú. Tá sé de dhualgas ar an bhfostóir measúnú riosca a dhéanamh chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear measúnuithe riosca toirchis san áit oibre. Chun teacht ar cheisteanna sonracha maidir le sláinte agus sábháilteacht agus ar an reachtaíocht nuashonraithe, féach suíomh Gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ag an nasc seo a leanas: <https://www.hsa.ie>.

1.5.2 Ba cheart don fhostóir measúnuithe riosca atá ann cheana a athbhreithniú freisin chun breithniú a dhéanamh ar aon rioscaí nua a thiochfaidh chun cinn de bharr Phlean Freagartha COVID-19 na scoile. Maidir le haon athruithe ar mheasúnuithe riosca reatha na scoile, ba cheart iad a dhoiciméadú agus a chur san áireamh i Ráiteas Sábháilteachta na scoile.

## 1.6 Éiríonn fostaí tinn

1.6.1 Tá sé tábhachtach a chur in iúl go soiléir nár cheart d'aon fhostaí atá tinn freastal ar an áit oibre. Tá feidhm ag an méid sin maidir le haon tinneas in-tarchurtha a bhíonn air/uirthi le linn thréimhse éigeandála COVID-19.

1.6.2 I gcás go n-éireoidh fostaí tinn san áit oibre, ba cheart don fhostóir na nósanna imeachta atá leagtha amach i bPlean Freagartha COVID-19 na scoile a leanúint.

## 1.7 Vacsáinthe Covid-19

1.7.1 I gcás go mbeidh coinne vacsaínthe COVID-19 le linn uaireanta scoile ag fostaí, caithfear leis an neamhláithreacht ar an dóigh chéanna a gcaitear le coinní leighis eile.

1.7.2 Chuige sin, tá tagairt ar fáil i mír 1.3 den Scéim Saoire Breoiteachta, atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 i gcás múinteoirí agus i gCiorclán 0060/2019 i gcás cúntóirí riachtanas speisialta.

*'Féadfar Saoire Bhreoiteachta a dheonú d'aon mhúinteoir nó aon chúntóir riachtanas speisialta nach bhfuil in ann na dualgais atá air/uirthi a chur i gcrích*

*- de bharr tinnis, díobhála nó*

*- le linn dó/di bheith as láthair chun seirbhísí leighis a fháil (e.g.*

*Dochtúir/Fiaclóir), ar choinníoll nach bhféadfaí coinní den sórt sin a eagrú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nó de laethanta oibre.'*

1.7.3 Faoi mar atá amhlaidh i gcás na Scéime Saoire Breoiteachta, ba cheart don fhostaí deimhniú faoin gcoinne vacsaínthe a thabhairt.



1.7.4 I gcás go mbeidh fo-iarmhairtí ag fostaí tar éis vacsaín COVID-19 a fháil, rud is cúis le neamhláithreachas as dualgas, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta.

## **1.8 Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

1.8.1 Teastaíonn ón Roinn na sonraí pearsanta a thugtar chun próiseáil a dhéanamh ar shaoire speisialta le pá agus ar éilimh ionadaíochta. Tá mionsonraí iomlána faoi Bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfear sonraí pearsanta, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na cearta atá ag duine mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoi Bheartas Cosanta Sonraí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar fáil ón mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

1.8.2 Ceadáítear le hAirteagal 6(1)(c) agus le hAirteagal 9(2)(b) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí sonraí pearsanta catagóire speisialta (lena n-áirítear sonraí sláinte) a phróiseáil ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta. Ina theannta sin, ceadáítear le hAirteagal 6(1)(e) agus le hAirteagal 9(2)(i) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus le halt 53 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, sonraí pearsanta catagóire speisialta (lena n-áirítear sonraí sláinte) a phróiseáil ar chúiseanna leas an phobail i réimse na sláinte poiblí. Meastar na bearta a bheith riachtanach agus comhréireach araon. Áirítear leo coimircí amhail teorainn a chur le rochtain ar shonraí, dianteorainneacha ama le haghaidh léirsciosadh, agus bearta eile amhail oiliúint leordhóthanach a chur ar bhail foirne chun na cearta cosanta sonraí atá ag fostaí a chosaint. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin [an Choimisiúin um Chosaint Sonraí](#).

1.8.3 In imthosca áirithe, féadfaidh fostóir iarraidh ar fhostaí faisnéis a thabhairt i ndáil lena s(h)onraí pearsanta catagóire speisialta, a mhéid a bhaineann le COVID-19. Mar shampla:

- Maidir le fostaí a iarraidh saoire speisialta le pá tar éis dhiagnóis COVID-19, is féidir go gceanglófar air/uirthe a t(h)orthaí ar thástáil COVID-19 a thabhairt.
- Maidir le fostaí a bhfuil ‘cosaint shuntasach vacsaíne’ aige/aici, mar atá sainmhínithe sa Chiorclán seo, agus ar chuir FSS in iúl dó/di gur dlúth-theagmhálaí é/í le cás deimhnithe COVID-19, is féidir go gceanglófar air/uirthe fógra a thabhairt dá f(h)ostóir faoi sin. Tháinig athrú ar rialacha FSS maidir le gluaiseacht shrianta do dhaoine aonair a bhfuil ‘cosaint shuntasach vacsaíne’ acu. In imthosca áirithe a chinnfidh FSS, ní cheanglófar ar dhaoine aonair den sórt sin [srian a chur lena ngluaiseacht](#) a thuilleadh i gcás gur dlúth-theagmhálaí iad le cás deimhnithe COVID-19.
- I gcás go gceanglófar ar fhostaí freastal ar an áit oibre agus gur dlúth-theagmhálaí é/í, is féidir go mbeidh ar an bhfostóir a shuí in imthosca teoranta cé acu atá nó nach bhfuil ‘cosaint shuntasach vacsaíne’ ag an bhfostaí chun go bhféadfaidh an fostóir cinneadh a dhéanamh maidir le ceanglais sláinte agus sábháilteachta agus maidir le freastal ar an áit oibre.

1.8.4 Beidh ar fhostóir cinneadh a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, ar an leibhéal sonraí pearsanta catagóire speisialta a theastaíonn uaidh chun cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le sláinte agus sábháilteacht ball foirne san áit oibre. I ngach cás, ní mór bailiú sonraí agus próiseáil sonraí pearsanta catagóire speisialta a bheith riachtanach, comhréireach agus cosanta agus ní mór iad a bheith ar aon dul leis an gcomhairle sláinte poiblí atá i bhfeidhm ag an am atá i gceist.

1.8.5 I dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann, ní mór don fhostóir na doiciméid uile a bhaineann le hiarratais agus dearbhuithe a phróiseáil a choinneáil in áit shlán shábháilte agus ar aon dul le beartas cosanta sonraí an fhostóra agus le rialacháin chosanta sonraí. Féadfar na taifid sin a roghnú lena n-iniúchadh ag oifigigh ainmnithe de chuid na Roinne.

## **1.9 Comhlíonadh**

1.9.1 Is féidir go ndéileálfar faoi na nósanna imeachta araíonachta reatha le haon mhainneachtain ag fostaí cloí leis na socruithe speisialta atá leagtha amach sa Chiorclán seo.

## **1.10 An tSeirbhís Chúnamh d'Fhostaithe**

1.10.1 Tá an [tSeirbhís Chúnamh d'Fhostaithe](#), atá á soláthar ag Spectrum.Life faoi láthair, ar fáil mar acmhainn thacúil d'fhostaithe. Is é 1800 411 057 uimhir na líne cabhrach saorghlao rúnda agus bíonn sí ar fáil 24 huaire sa lá, 365 lá sa bhliain.

## 2. Saoire Speisialta le Pá tar éis Dhiagnóis COVID-19

### 2.1 Saoire Speisialta le Pá

- 2.1.1 Deonóidh an fostóir saoire speisialta le pá i gcás go gcuirfear in iúl d'fhostaí féinleithlisiú sna himthosca seo a leanas:
- a) tá siomptóim COVID-19 ar an bhfostaí, mar atá mionsonraithe i [gCaibidil 5](#) (Tábla 1), nó
  - b) diagnóisíodh go bhfuil COVID-19 ar an bhfostaí, mar atá mionsonraithe i [gCaibidil 5](#) (Tábla 2)
- 2.1.2 Beidh feidhm ag an tsaoire speisialta le pá ar feadh cibé líon laethanta a chuirfidh FSS/an lia-chleachtóir ginearálta in iúl.
- 2.1.3 Ní bheidh feidhm ag saoire speisialta le pá i gcás go n-éascófar fostaí obair go cianda, i.e. obair ón mbaile, sna himthosca seo a leanas:
- a) tá an fostaí ag cur srian lena g(h)luaiseacht (tá tuilleadh mionsonraí tugtha i [gCaibidil 3](#))
  - b) catagóiríodh an fostaí a bheith sa ghrúpa atá i mbaol an-ard (tá tuilleadh mionsonraí tugtha i [gCaibidil 4](#))
- 2.1.4 Mar chuid den phróiseas iarratais le haghaidh saoire speisialta le pá, ní mór don fhostaí deimhniú ó FSS/deimhniú leighis a thabhairt don fhostóir le haghaidh thréimhse na neamhláithreachta, lena n-áirítear an dáta a bheidh sé/sí feidhmiúil chun filleadh ar an obair (i gcás go mbeidh an dáta sin ar fáil). I gcás nach mbeidh deimhniú ó FSS/deimhniú leighis ar fáil ag an am, féadfaidh an fostóir glacadh le cóip den teachtaireacht téacs ábhartha a fuair an fostaí ó FSS.
- 2.1.5 I gcás go ndeonófar saoire speisialta le pá d'fhostaí, féadfaidh an fostóir ionadaí a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi a cheapadh.
- 2.1.6 Ní dhéanfar saoire speisialta le pá ar dheonaigh an fostóir í a chomhaireamh mar chuid de thaifead Saoire Breoiteachta an fhostaí.
- 2.1.7 Cosúil leis na prionsabail ghinearálta a bhfuil feidhm acu maidir le Saoire Bhreoiteachta a bhainistiú, ní mór don fhostaí teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir a luaithe is féidir, de réir ghnáthshocruithe tuairiscithe neamhláithreachta an fhostóra. I gcás go dtiocfaidh athrú ar imthosca nó diagnóis an fhostaí, ní mór don fhostaí fógra a thabhairt don fhostóir faoi sin láithreach.
- 2.1.8 Ní bheidh fostaí i dteideal laethanta in ionad laethanta saoire bainc a fháil le linn dó/di bheith ar shaoire speisialta le pá.
- 2.1.9 Scoirfidh fostaí de bheith i dteideal saoire speisialta le pá ar dhul in éag an chonartha, i gcás nach ndéanfar an Conradh sin a athnuachan. Ní scoirfidh fostaí de bheith i dteideal saoire speisialta le pá, áfach, i gcás go mbeidh Conradh leantach i bpost ceadaithe fostaí a chistítear le hairgead ón Oireachtas ag teacht go díreach sna sála ar an gconradh sin.
- 2.1.10 Ar mhaithe le cultúr dearfach folláine a chothabháil sa scoil, meastar gur deachleachtas é teagmháil chuí a choinneáil idir an fostóir agus an fostaí le linn

tréimhsí saoire. Le linn na teagmhála sin, ba cheart díriú ar leas an fhostaí agus ar a f(h)illeadh rathúil ar an obair a éascú.

2.1.11 Ní mór don fhostóir an tsaoire speisialta le pá a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. Ar an gCóras Éileamh ar Líne, taifeadtar é sin faoin gcatagóir saoire dar teideal ‘Saoire Phearsanta’ agus ansin faoin bhfochatagóir dar teideal ‘COVID-19: Féinleithlisiú’ nó ‘COVID-19: Diagnóis’.

## **2.2 Nósanna Imeachta Iarratais le haghaidh Saoire Speisialta le Pá**

2.2.1 Maidir le fostaí ar dhiagnóisigh FSS/gairmí leighis go bhfuil COVID-19 air/uirthi nó ar chuir FSS/gairmí leighis in iúl dó/di féinleithlisiú, ní mór dó/di an Fhoirm Iarratais in Aguisín A a chomhlánú chun iarratas a dhéanamh ar shaoire speisialta le pá.

2.2.2 Ba cheart don fhostaí an Fhoirm Iarratais chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir a luaithe is féidir. Ní mór deimhniú sásúil ó FSS/deimhniú leighis sásúil a bheith ag gabháil leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe. I gcás nach mbeidh deimhniú ó FSS/deimhniú leighis ar fáil ag an am, féadfaidh an fhostóir glacadh le cóip den teachtaireacht téacs a fuair an fostaí ó FSS.

## **2.3 Féinleithlisiú**

2.3.1 Féadfaidh FSS/gairmí leighis a chur in iúl d’fhostaí féinleithlisiú sna himthosca sonracha atá mionsonraithe i gCaibidil 5 (Tábla 1).

2.3.2 Ní mór cloí leis na critéir reatha le haghaidh féinleithlisiú, [arna nuashonrú ag FSS](#).

2.3.3 Ní mór don fhostaí fógra a thabhairt don fhostóir láithreach i gcás nach mór dó/di féinleithlisiú de réir chomhairle FSS nó comhairle leighis. Faoi réir an deimhniú cuí ó FSS/an deimhniú leighis cuí a sholáthar agus faoi réir an Fhoirm Iarratais in Aguisín A a chomhlánú, deonóidh an fhostóir saoire speisialta le pá.

2.3.4 Ní mór don fhostaí féachaint lena shocrú go ndéanfaí measúnú leighis air/uirthi le haghaidh thástáil COVID-19 a luaithe is féidir agus ní mór dó/di fógra a thabhairt don fhostóir láithreach faoin toradh ar an tástáil nó fógra a thabhairt dó láithreach nach bhfuil tástáil ag teastáil.

2.3.5 I gcás go bhfaighfear toradh deimhneach ar thástáil COVID-19, fanfaidh an fostaí ar shaoire speisialta le pá, rud nach mór don fhostóir é a thaifeadadh faoin bhfochatgóir ‘COVID-19: Diagnóis’ ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

2.3.6 I gcás go bhfaighidh an fostaí toradh diúltach ar thástáil COVID-19, féach [Caibidil 5](#) (Tábla 3) le haghaidh mionsonraí.

2.3.7 I gcás aon tinnis nach mbaineann le COVID-19, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta.

## **2.4 Diagnóis COVID-19**

2.4.1 Ní mór don fhostaí fógra a thabhairt don fhostóir láithreach i gcás go bhfaighidh sé/sí toradh deimhneach ar thástáil COVID-19, is cuma cén stádas vacsaínithe atá aige/aici.

- 2.4.2 Deonóidh an fostóir saoire speisialta le pá, faoi réir na nithe seo a leanas a bheith á dtabhairt ag an bhfostaí:
- fianaise leighis shásúil ar an toradh deimhneach ar thástáil COVID-19, lena n-áirítear an dáta a rinne sé/sí an tástáil
  - deimhniú sásúil ó FSS/deimhniú leighis sásúil chun tacú leis an neamhláithreach de bharr COVID-19
  - Foirm Iarratais chomhlánaithe (féach [Aguisín A](#))
- 2.4.3 Féach [Caibidil 5](#) (Tábla 2), ina dtugtar mionsonraí faoin gcomhairle reatha ó FSS maidir leis an tréimhse féinleithlisithe agus faoi na socruithe saoire speisialta le pá le haghaidh fostaí ar diagnóisíodh go bhfuil COVID-19 air/uirthi.
- 2.4.4 Ón 1 Eanáir 2021, féadfaidh fostóir saoire speisialta le pá ar feadh 28 lá ar a mhéad a dheonú i gcás gur diagnóisíodh go bhfuil COVID-19 ar fhostaí agus go bhfuil an fostaí fós as láthair, faoi réir deimhniú leighis sásúil leanúnach a bheith á thabhairt ag an bhfostaí don fhostóir.
- 2.4.5 Cosúil le téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta, ní mór d'fhostóir an fostaí a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde i gcás go bhfuil sé/sí as láthair nó go bhfuiltear ag súil leis go mbeidh sé/sí as láthair ar shaoire speisialta le pá ar feadh tréimhse 28 lá.
- 2.4.6 I gcás go mbeidh fostaí fós tinn tar éis 28 lá de bharr tinneas nach mbaineann le COVID-19, déanfaidh an fostóir é/í a thaifeadadh a bheith as láthair ar ghnáth-Shaoire Bhreoiteachta. Sa chás sin, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta.
- 2.4.7 Nuair a fhillfidh an fostaí ar an obair, ní mór don fhostóir na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sa scoil maidir le scaradh sóisialta, maidir le trealamh cosanta pearsanta a úsáid agus maidir le teicnící ní láimhe a mheabhrú dó/di.

## 2.5 Saoire Speisialta Fhadaithe le Pá tar éis 28 lá

- 2.5.1 Ón 1 Eanáir 2021, féadfaidh an fostóir saoire speisialta le pá a fhadú tar éis 28 lá, faoi réir deimhniú leighis sásúil rialta a sholáthar agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na critéir atá leagtha amach thíos.

**(a) Freastal ar an Áit Oibre** – bhí an fostaí san áit oibre<sup>1</sup> (lasmuigh den bhaile) le linn aon cheann de na 14 lá féilire sular thosaigh sé/sí an tréimhse féinleithlisithe le haghaidh dhiagnóis COVID-19. Mar sin, maidir le fostaí nach raibh san áit oibre le linn aon cheann de na 14 lá féilire sular thosaigh sé/sí an tréimhse féinleithlisithe le haghaidh dhiagnóis COVID-19, ní chomhlíonann sé/sí na critéir le haghaidh saoire speisialta fhadaithe le pá tar éis 28 lá. Ní mór don fhostóir bheith ar an eolas faoi aon fhreastal ar an áit oibre agus an freastal sin a chomhaontú roimh ré. Maidir leis sin, moltar d'fhostóirí taifead nuashonraithe a choinneáil ar gach múinteoir/cúntóir riachtanas speisialta a bhíonn ag freastal ar an áit oibre.

**(b) Toradh ar Thástáil COVID-19** – ní mór don fhostaí fianaise leighis shásúil a thabhairt don fhostóir ar an dáta a rinne sé/sí tástáil COVID-19 agus ar an toradh deimhneach a fuair sé/sí uirthi. Glacfar le cóip den teachtaireacht téacs

---

<sup>1</sup> Áirítear leis an áit oibre aon láthair, lasmuigh den bhaile, a gceanglaíonn fostóir ar mhúinteoir/ar chúntóir riachtanas speisialta freastal uirthi mar chuid den ról.

ábhartha a fuair an fostaí ó FSS. Aithnítear nach raibh fáil uilechoiteann ann ar thástáil COVID-19 i dtús na paindéime. Dá bhrí sin, is féidir, ar bhonn cás ar chás, gur leor fianaise leighis ina léirítear gur thug an láithriú cliniciúil le fios go raibh ard-dóchúlacht ann go raibh COVID-19 ar an bhfostaí.

**(c) Tuarascáil Measúnaithe Sláinte ón tSeirbhís Sláinte Ceirde** – ní mór don tSeirbhís Sláinte Ceirde tuarascáil a thabhairt don fhostóir, rud ina luafar:

- (i) go bhfuil an fostaí neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun filleadh ar an obair.
- (ii) go mbaineann neamhláithreacht an fhostaí go príomha le tinneas leanúnach COVID-19.
- (iii) go mbíonn cúram leighis cuí á rochtain ag an bhfostaí.

2.5.2 Mar shampla, thosaigh fostaí saoire speisialta le pá an 14 Feabhra 2021 tar éis diagnóis COVID-19 a fháil. I gcás go dtabharfar deimhniú leighis sásúil, taifeadfar an fostaí a bheith as láthair ar shaoire speisialta le pá ar feadh 28 lá ar a mhéad, ach amháin i gcás go gcomhlíonfar na critéir i mír 2.5.1. Sa chás sin, féadfar an tsaoire speisialta le pá a fhadú tuilleadh.

2.5.3 I gcás gur thosaigh fostaí saoire speisialta le pá tar éis diagnóis COVID-19 a fháil sa bhliain 2020 agus go raibh sé/sí fós as láthair an 1 Eanáir 2021, beidh feidhm ag na socruithe le haghaidh saoire speisialta fhadaithe le pá, mar atá mionsonraithe sa mhír seo, ó dháta tosaigh na neamhláithreachta, i gcás go gcomhlíonfar na critéir i mír 2.5.1 thuas. Ní mór an fostaí a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde, murar atreoraíodh é/í cheana féin.

2.5.4 I gcás go mbeidh an fostaí as láthair ar shaoire speisialta le pá ar feadh 28 lá, ní mór don fhostóir atreorú neamh-lánroghnach a dhéanamh chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde.

2.5.5 Ní mór don fhostóir na nithe seo a leanas a dhéanamh mar chuid den phróiseas atreoraithe:

- a) fógra a thabhairt don fhostaí faoin gcinneadh chun é/í a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde.
- b) foirm atreoraithe shlán ar líne a chomhlánú trí thairseach thiomnaithe ar líne na Seirbhíse Sláinte Ceirde. Ba cheart “Fadú ar Shaoire Speisialta le Pá tar éis Dhiagnóis COVID-19” a thabhairt ar an atreorú.
- c) cóip den fhianaise leighis ar an toradh deimhneach ar thástáil COVID-19, dáta na tástála san áireamh, a sheoladh chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde (agus an uimhir atreoraithe ón tSeirbhís Sláinte Ceirde á lua).
- d) cóip den atreorú a thabhairt don fhostaí.

2.5.6 Tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde uimhir atreoraithe don fhostóir díreach tar éis an t-atreorú ar líne a chur isteach.

2.5.7 Eagróidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde coinne don fhostaí le Lia Sláinte Ceirde.

2.5.8 Tar éis an mheasúnaithe leighis, tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde Tuarascáil Measúnaithe Sláinte don fhostóir chun na nithe seo a leanas a chur in iúl:

- a) Cé acu atá nó nach bhfuil an fostaí feidhmiúil chun obair.

- b) Má tá sé/sí neamhfheidhmiúil chun obair, cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an neamhláithreacht go príomha le tinneas leanúnach COVID-19.
- c) Má tá sé/sí neamhfheidhmiúil chun obair, cé acu a bhíonn nó nach mbíonn cúram leighis cuí á rochtain ag an bhfostaí.
- d) Má tá sé/sí neamhfheidhmiúil chun obair, fad dóchúil na neamhláithreachta nó, mura féidir an dáta ar a bhfillfidh sé/sí ar an obair a bhunú, an dáta don athbhreithniú.
- e) Aon fhaisnéis ábhartha eile atá ag teacht le rúndacht leighis.

2.5.9 I gcás gur taifeadadh fostaí a bheith as láthair ar saoire de dheasca dhiagnóis COVID-19 ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann sa bhliain 2020 agus go raibh sé/sí as láthair an 1 Eanáir 2021, ní mór d'fhostóir é/í a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde.

2.5.10 I gcás scoileanna nach scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna iad, ní mór cloí leis an bpróiseas seo a leanas le haghaidh saoire speisialta le pá a thaifeadadh:

2.5.10.1. I gcás go bhfuil fostaí as láthair le níos mó ná 28 lá, agus go dtí go bhfaighidh an fhostóir an Tuarascáil Measúnaithe Sláinte ón tSeirbhís Sláinte Ceirde, ní mór an Fhoirm Dearbhaithe ón bhFostóir in [Aguisín B](#) a chomhlánú agus í a sheoladh chuig an Roinn. Sa chás sin, taifeadfar an tréimhse saoire ar an gCóras Éileamh ar Líne faoin gcatagóir saoire dar teideal 'COVID-19: Diagnóis'.

2.5.10.2 Ní mór don fhostóir an Fhoirm Ceadaithe ón bhFostóir in [Aguisín C](#) a chomhlánú i gcás go luafar sa Tuarascáil Measúnaithe Sláinte ón tSeirbhís Sláinte Ceirde:

- (a) go bhfuil an fostaí neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun filleadh ar an obair.
- (b) go mbaineann neamhláithreacht an fhostaí go príomha le tinneas leanúnach COVID-19.
- (c) go mbíonn cúram leighis cuí á rochtain ag an bhfostaí.

2.5.10.3 Ní mór an Fhoirm Ceadaithe chomhlánaithe ón bhFostóir a sheoladh le ríomhphost chuig an Roinn ([teachersna@education.gov.ie](mailto:teachersna@education.gov.ie)). Taifeadfar an tsaoire ar an gCóras Éileamh ar Líne faoin gcatagóir saoire dar teideal 'COVID-19: Diagnóis'.

2.5.11 I gcás nach gcomhlíonfar na critéir i mír 2.5.1, ní mór don fhostóir an neamhláithreacht ar mó í ná 28 lá a thaifeadadh mar Shaoire Bhreiteachta ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar Chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. Sa chás sin, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breiteachta. Maidir leis sin, i gcás scoileanna nach scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna iad, chun go bhféadfar saoire ar mó í ná 28 lá faoin gcatagóir saoire dar teideal 'COVID-19: Diagnóis' a chealú ar an gCóras Éileamh ar Líne, ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Roinn faoi sin trí úsáid a bhaint as an bhfoirm 'Cealaigh Ball Foirne ar Saoire' atá ar fáil ar leathanach lamairne an Chórais Éileamh ar Líne.

2.5.12 Féadfaidh fostaí achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón tSeirbhís Sláinte Ceirde de réir na nósanna imeachta atá mionsonraithe thíos. Is é an t-aon

aidhm amháin le hachomharc leighis ná a chinneadh cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an neamhláithreacht go príomha le tinneas COVID-19. Níl an rogha achomhairc ar fáil ach amháin d'fhostaí a ndearna an tSeirbhís Sláinte Ceirde é/í a mheas cheana féin a bheith neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair de dheasca tinneas nach mbaineann le COVID-19.

- a) Tabharfaidh an fostaí fógra don fhostóir go bhfuil sé ar intinn aige/aici achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón tSeirbhís Sláinte Ceirde.
- b) Seolfaidh an fostaí iarraidh ar achomharc chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde (tríd an bpost/an ríomhphost) laistigh de 14 lá ó dháta an chinnidh ón tSeirbhís Sláinte Ceirde.
- c) Tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde liosta de dhochtúirí achomhairc (speisialtóirí sa leigheas ceirde) don fhostaí.
- d) Tabharfaidh an fostaí fógra don tSeirbhís Sláinte Ceirde ina dhiaidh sin faoin dochtúir achomhairc a roghnaigh sé/sí.
- e) Beidh sé de fhreagracht ar an bhfostaí an choinne leis an dochtúir achomhairc a eagrú.
- f) Seolfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde tuarascálacha leighis ar aghaidh chuig an dochtúir achomhairc a roghnaíodh. Is ionann na tuarascálacha sin agus na tuarascálacha leighis a chuir an fostaí faoi bhráid na Seirbhíse Sláinte Ceirde tráth an mheasúnaithe tosaigh.
- g) I gcás go mbeidh athrú ann ar stádas leighis a bhaineann le COVID-19 laistigh de thréimhse 14 lá ón gcinneadh bunaidh ón tSeirbhís Sláinte Ceirde, féadfaidh an fostaí an fhaisnéis leighis sin a chur faoi bhráid na Seirbhíse Sláinte Ceirde lena breithniú mar chuid den achomharc. Ní fhéadfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde ach faisnéis leighis atá ar fáil don tSeirbhís Sláinte Ceirde a chur faoi bhráid an dochtúra achomhairc agus ní bheidh cead ag an bhfostaí aon fhaisnéis bhreise a chur faoi bhráid an dochtúra achomhairc. Lasmuigh den tréimhse 14 lá sin, is gá don fhostóir atreorú nua ar líne a chur isteach don fhostaí.
- h) Seolfaidh an dochtúir achomhairc tuarascáil chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde, rud ina gcuirfear tuairim in iúl maidir lena mhéid a bhaineann an neamhláithreacht le COVID-19.
- i) Tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde fógra don fhostóir ina dhiaidh sin faoin toradh ar an achomharc, bunaithe ar an tuairim ón dochtúir achomhairc.
- j) Beidh costas an achomhairc – €150 – iníoctha ag an bhfostaí leis an dochtúir achomhairc. I gcás go n-éireoidh leis an achomharc, aisíocfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde costas an mheasúnaithe leis an bhfostaí.
- k) Tabharfaidh an fhostóir fógra don fhostaí faoin toradh ar an achomharc.

2.5.13 Is socrúithe sealadacha iad na socrúithe le haghaidh saoire speisialta fhadaithe le pá tar éis dhiagnóis COVID-19 agus déanfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faireachán agus athbhreithniú ar na socrúithe sin.

## **2.6 Gnáthshaoire Bhreiteachta**

2.6.1 Ní mór don fhostóir aon tinneas nach mbaineann le COVID-19 a thaifeadadh mar Shaoire Bhreiteachta ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar Chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. Sa chás sin, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breiteachta. Más rud é go ndiagnóiseofar go bhfuil COVID-19 ar an bhfostaí ina dhiaidh sin, féadfar saoire speisialta le pá a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach in ionad thréimhse shonrach na Saoire Breiteachta.



### 3. Gluaiseacht Shrianta

#### 3.1 Gluaiseacht Shrianta

- 3.1.1 Rinneadh athruithe tábhachtacha ar na critéir ó FSS atá ar fáil ag [an nasc seo](#), agus iad bunaithe ar thosca amhail iad seo a leanas:
- Más rud é go bhfuil cosaint shuntasach vacsaíne ag duine aonair nó gur théarnaigh sé/sí ó COVID-19, ní bheidh aon srian ar ghluaiseacht ag teastáil in imthosca áirithe.
  - Más dlúth-theagmhálaí é/í duine aonair, is féidir go mbeidh féinleithlisiú, seachas srian ar ghluaiseacht, ag teastáil in imthosca sonraithe áirithe.
- 3.1.2 Leagann FSS amach na critéir is déanaí le haghaidh gluaiseacht shrianta, áit ar chuir FSS in iúl do dhuine aonair gur dlúth-theagmhálaí é/í le cás deimhnithe COVID-19. Féach an nasc seo a leanas ar shuíomh Gréasáin FSS: <https://www2.hse.ie/conditions/covid19/contact-tracing/close-casual-contact/>
- 3.1.3 Ní mór cloí leis na critéir reatha le haghaidh gluaiseacht shrianta, arna nuashonrú ag FSS ó am go ham.
- 3.1.4 Féach [Caibidil 5](#) (Tábla 3), ina dtugtar mionsonraí faoin gcomhairle reatha ó FSS maidir le gluaiseacht shrianta agus faoi na socruithe oibre le haghaidh fostaí ar cuireadh in iúl dó/di srian a chur lena g(h)luaiseacht. Ní mór d'fhostóirí agus d'fhostaithe a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoin bhfaisnéis is déanaí maidir le comhairle nuashonraithe.
- 3.1.5 Maidir le fostaí ar cuireadh in iúl dó/di srian a chur lena g(h)luaiseacht, ní mór dó/di an Fhoirm Dearbhaithe in [Aguisín D](#) a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais láithreach chuig an bhfostóir, mar aon leis an deimhniú cuí ó FSS/an deimhniú leighis cuí, lena n-áirítear an dáta a bheidh sé/sí feidhmiúil chun filleadh ar an obair (i gcás go mbeidh an dáta sin ar fáil). I gcás go mbainfidh an deimhniú ó FSS/an deimhniú leighis atá le tabhairt don fhostóir le tríú páirtí, e.g. comrádaí tí, féadfaidh an fostaí na sonraí pearsanta a cheilt.
- 3.1.6 I gcás go dtiocfaidh athrú ar an diagnóis leighis, ní mór don fhostaí fógra a thabhairt don fhostóir faoi sin láithreach.
- 3.1.7 Maidir le fostaí ar cuireadh in iúl dó/di srian a chur lena g(h)luaiseacht agus atá feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair, beidh sé/sí fós ar fáil don obair. Ba cheart obair a shannadh don fhostaí ar feadh na tréimhse a shonróidh FSS/an lia-chleachtóir ginearálta. Dá bhrí sin, ní mór don fhostóir socruithe malartacha oibre a éascú a mhéid is mó is féidir, e.g. obair ón mbaile. Ní mór do gach fostaí comhoibriú le gach socrú solúbtha den sórt sin fad a bheidh siad ag cur srian lena ngluaiseacht. Tá tuilleadh mionsonraí faoi shocruithe malartacha oibre ar fáil i [mír 4.6](#) de Chaibidil 4.
- 3.1.8 I gcás go gcuirfidh gairmí leighis in iúl d'fhostaí srian a chur lena g(h)luaiseacht, féadfaidh an fhostóir ionadaí a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi a cheapadh.
- 3.1.9 Maidir le fostaí atá ag cur srian lena g(h)luaiseacht, ní mór don fhostóir é/í a thaifeadadh faoin gcatagóir saoire dar teideal 'Saoire Phearsanta' agus ansin faoin bhfochatagóir dar teideal 'COVID-19: Gluaiseacht Shrianta' ar an gCóras Éileamh ar Líne nó ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

## 3.2 Socruithe saoire ar fhilleadh ó Thaisteal Thar Lear

- 3.2.1 Feidhmíonn Éire Deimhniú Digiteach COVID an Aontais Eorpaigh le haghaidh taisteal a thosaíonn laistigh den Aontas Eorpach/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch anois. Is féidir mionsonraí iomlána faoi na socruithe reatha a fháil ag an [nasc seo ar gov.ie](http://nasc.seo.ar.gov.ie). Ceanglaítear ar gach fostaí cloí le ceanglais sláinte poiblí agus iad ag taisteal thar lear agus ar fhilleadh dóibh ó thaisteal thar lear.
- 3.2.2 Ba cheart d'fhostaí bheith ar an eolas faoi aon cheanglais tástála agus choraintín a bheidh i bhfeidhm tráth an taistil, idir cheanglais a bheidh i bhfeidhm ina c(h)eann scríbe agus cheanglais a bheidh i bhfeidhm ar fhilleadh dó/di ar Éirinn. Is faoi gach fostaí aonair a bheidh sé soláthar a dhéanamh don tréimhse gluaiseachta srianta (coraintín) a eascróidh as taisteal thar lear, ach amháin i gcás go dtiocfaidh sé/sí faoi na catagóirí an-teoranta díolúine [atá leagtha amach ar gov.ie](http://ata.leagtha.amach.ar.gov.ie).
- 3.2.3 I gcás go mbeidh sé beartaithe tabhairt faoi thaisteal thar lear chuig aon tír a cheanglaíonn tréimhse gluaiseachta srianta ar fhilleadh ar Éirinn, ní mór d'fhostaí soláthar a dhéanamh dó sin trí iarratas a dhéanamh roimh ré ar Shaoire Neamhíochta don tréimhse gluaiseachta srianta, i gcás go dtitfidh an tréimhse sin ar an dáta a bheidh sé/sí le fillleadh ar an obair. Ba cheart an t-iarratas sin a bheith ar aon dul leis na téarmaí agus coinníollacha atá mionsonraithe sna foilseacháin ón Roinn. Tá an tréimhse Saoire Neamhíochta sin mar chuid den ghnáth-theidlíocht chun 10 lá scoile sa scoilbhliain. Ceanglaítear ar fhostaí fógra a thabhairt dá f(h)ostóir nuair a bheidh sé/sí ar fáil chun fillleadh ar an obair tar éis na tréimhse gluaiseachta srianta, i gcás go mbeidh feidhm ag an tréimhse sin. I gcás go mbeidh fostaí as láthair ar Shaoire Neamhíochta cheadaithe, féadfaidh an fhostóir ionadaí a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi a cheapadh. Beidh feidhm ag an socrú sin maidir le gach fostaí, is cuma cé acu is féidir nó nach féidir leo obair ón mbaile.
- 3.2.4 Féadfaidh an Rialtas, ag am ar bith, córas coscáin éigeandála a chur i bhfeidhm i leith tíortha inar tháinig athraitheach ar ábhar imní nó ábhar spéise é chun cinn. Ba cheart d'fhostaí bheith ar an eolas faoi cibé ceanglais ghluaiseachta srianta (coraintín) a mbeidh feidhm acu maidir leis/léi ar an dáta a fhillfidh sé/sí ar Éirinn. Ba cheart d'fhostaí fógra a thabhairt dá f(h)ostóir i gcás go dtiocfaidh sé/sí ar an eolas faoin gceanglas atá ann Saoire Neamhíochta bhreise a thógáil chun aon cheanglas gluaiseachta srianta (coraintín) a shásamh. Ba cheart d'fhostaí logáil isteach ar [www.dfa.ie](http://www.dfa.ie) díreach sula bhfillfidh sé/sí ar Éirinn chun a chinntiú go mbeidh sé/sí ar an eolas go hiomlán faoi aon athruithe ar rátáil slándála tíortha agus faoi aon cheanglas atá ann srian a chur lena g(h)luaiseacht.

## 4. Grúpaí atá sa Bhaol is Airde

### 4.1 Grúpa atá i mBaol An-Ard

- 4.1.1 Tá an chomhairle ó FSS maidir leis an ngrúpa atá 'i mbaol an-ard' ar fáil ag an seoladh seo a leanas: <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/people-at-higher-risk.html>.
- 4.1.2 Le déanaí, d'fhoilsigh FSS doiciméad dar teideal '[Treoir don Earnáil Oideachais maidir le Fostaithe atá i gCatagóirí Riosca Níos Airde COVID-19, lena n-áirítear Fostaithe Torracha](#)'.
- 4.1.3 I gcás gur chatagóirigh an tSeirbhís Sláinte Ceirde fostaí a bheith 'i mBaol An-Ard' am ar bith roimh an scoilbhliain 2020/21 nó am ar bith le linn na scoilbhliana sin, chuaigh Tuarascáil Catagóirithe Riosca Sláinte COVID-19 as feidhm an 30 Meitheamh 2021.
- 4.1.4 I gcás na scoilbhliana 2021/22, ní mór d'fhostaí a mheasann go bhfuil sé/sí i mbaol an-ard tinneas trom a fháil de dheasca COVID-19 a tholghadh na nithe seo a leanas a dhéanamh, tar éis dó/di breithniú a dhéanamh ar an gcomhairle ó FSS, ar an treoir ó FSS don earnáil oideachais agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na [Seirbhíse Sláinte Ceirde](#):
- a) [Ceistneoir Measúnaithe Riosca COVID-19 ar líne ón tSeirbhís Sláinte Ceirde](#) a chomhlánú láithreach agus é a chur faoi bhráid na Seirbhíse Sláinte Ceirde. Ní mór 'Tuarascáil chomhlánaithe ó Lia Comhairleach Cóireála' a bheith ag gabháil leis an gCeistneoir sin, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na [Seirbhíse Sláinte Ceirde](#). I gcás nach féidir Tuarascáil den sórt sin a fháil ón lia comhairleach cóireála laistigh de thréimhse ama ghearr, is féidir cóip den Tuarascáil is déanaí ón Lia Comhairleach Cóireála a fháil ó lia-chleachtóir ginearálta an fhostaí. Tá an teimpléad le haghaidh [Tuarascáil ó Lia Comhairleach Cóireála](#) ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Sláinte Ceirde.
  - b) fógra a thabhairt don fhostóir láithreach, nó tráth na diagnóise, go gcreideann sé/sí go bhfuil sé/sí sa ghrúpa atá 'i mbaol an-ard'.
- 4.1.5 Ba cheart d'fhostaí atá os cionn 70 bliain d'aois Ceistneoir Measúnaithe Riosca COVID-19 a chur faoi bhráid na Seirbhíse Sláinte Ceirde freisin sula bhféadfaidh sé/sí freastal ar an áit oibre.
- 4.1.6 Tar éis di an fhaisnéis leighis a tugadh in éineacht leis an 'Measúnú Riosca ón tSeirbhís Sláinte Ceirde' a bhreithniú, tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde 'Tuarascáil Catagóirithe Riosca Sláinte COVID-19' don fhostaí, rud ina gcuirfear in iúl cé acu atá nó nach bhfuil sé/sí i mbaol an-ard tinneas trom a fháil de dheasca COVID-19 a tholghadh.
- 4.1.7 Mar gheall ar an eolas méadaithe atá ann ar COVID-19, is amhlaidh, i gcás riochtaí leighis áirithe, go bhfuil fostaithe a bhí sa ghrúpa atá 'i mBaol An-Ard' roimhe seo catagóirithe anois a bheith 'i mBaol Ard' nó 'i nGnáthbhaol'.
- 4.1.8 Bunaithe ar an Treoir ó FSS don earnáil oideachais, tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde aird ar cé acu atá nó nach bhfuil 'cosaint shuntasach vacsaíne' ag an bhfostaí tráth an mheasúnaithe uaithe. I gcás go ndéanfar an fostaí a mheasúnú a bheith 'i mBaol An-Ard':

- (a) Agus nach bhfuil ‘cosaint shuntasach vacsaíne’ aige/aici go fóill, déanfar é/í a chatagóiriú a bheith ‘i mBaol An-Ard’ agus ní mór don fhostóir socruithe malartacha oibre a éascú, i.e. obair ón mbaile.
- (b) Agus go bhfuil ‘cosaint shuntasach vacsaíne’ aige/aici, déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde é/í a chatagóiriú a bheith ‘i mBaol Ard’ agus ní mór dó/di freastal ar an áit oibre, má tá sé/sí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair.

4.1.9 Is féidir go ndéanfaidh riochtaí agus cóireálacha áirithe imdhíon-sochta difear dá éifeachtúla atá vacsaíní COVID-19. Tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde aird air sin le linn di measúnú catagóirithe riosca sláinte COVID-19 a dhéanamh agus is féidir go n-athróidh sí an catagóiriú atá tuairiscithe i mír 4.1.8(b) thuas.

4.1.10 Tar éis don fhostóir an measúnú riosca a cheanglaítear faoi Phlean Freagartha COVID-19 na scoile a dhéanamh, ba cheart don fostaí atá ‘i mBaol Ard’ gach iarracht a dhéanamh scaradh sóisialta agus dea-shláinteachas láimhe a chleachtadh agus trealamh cosanta pearsanta a úsáid. Féach freisin an doiciméad nuafhoilsithe ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte dar teideal [‘Treoir do Scoileanna maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta a Thacaíonn le Leanaí agus Daoine Óga a bhFuil Riachtanais Bhreise Chúraim Acu i gComhthéacs COVID-19’](#).

4.1.11 I gcás go gcuirfear in iúl i ‘dTuarascáil Catagóirithe Riosca Sláinte COVID-19 ón tSeirbhís Sláinte Ceirde’ go bhfuil fostaí i mbaol an-ard tinneas trom a fháil de dheasca COVID-19 a tholgadh agus nár cheart dó/di, dá bhrí sin, freastal ar an áit oibre, ní mór don fostaí an Fhoirm Dearbhaithe in [Aguisín E](#) a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais láithreach chuig an bhfostóir in éineacht le Tuarascáil Catagóirithe Riosca Sláinte COVID-19 ón tSeirbhís Sláinte Ceirde.

4.1.12 De réir treorach ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gcás go ndearna an tSeirbhís Sláinte Ceirde fostaí a chatagóiriú a bheith ‘i mBaol An-Ard’ agus go bhfuil sé/sí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair, ba cheart don fhostóir féachaint le socruithe malartacha oibre a éascú a mhéid is mó is féidir, e.g. obair ón mbaile. Tá tuilleadh mionsonraí faoi shocruithe malartacha oibre ar fáil i [mír 4.6](#) de Chaibidil 4.

4.1.13 I gcás go ndearna an tSeirbhís Sláinte Ceirde fostaí a chatagóiriú a bheith ‘i mBaol An-Ard’ agus nach mbíonn sé/sí ag freastal ar an áit oibre, féadfaidh an fostóir ionadaí a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi a cheapadh. In aon chonradh a bhronntar ar ionadaí chun fostaí atá ‘i mBaol An-Ard’ a chumhdach, ba cheart tagairt shoiléir a dhéanamh don fhíric gur féidir go mbeidh sé riachtanach an ceapachán a fhoirceannadh i gcás go bhfillfidh an fostaí ar an áit oibre de bharr athrú ar chatagóiriú riosca sláinte COVID-19.

4.1.14 I gcás go mbeidh fostaí atá ‘i mBaol An-Ard’ neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair de bharr tinneas nach mbaineann le COVID-19, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta.

4.1.15 Maidir le fostaí a ndearna an tSeirbhís Sláinte Ceirde é/í a chatagóiriú a bheith sa ghrúpa atá ‘i mBaol An-Ard’ agus atá feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair, ní mór don fhostóir é/í a thaifeadadh faoin gcatagóir saoire dar teideal ‘Saoire Phearsanta’ agus ansin faoin bhfochatagóir dar teideal ‘COVID-19: Grúpa atá i

mBaol An-Ard' ar an gCóras Éileamh ar Líne nó ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

4.1.16 Féach [Caibidil 5](#) (Tábla 4), ina dtugtar mionsonraí faoi na socruithe oibre don ghrúpa fostaithe atá 'i mBaol An-Ard'.

## **4.2 Grúpa atá i mBaol Ard**

4.2.1 Tá an grúpa atá 'i mbaol ard' sainmhínithe ag [FSS](#) agus, de réir na comhairle sin, ní mór d'fhostaí atá sa ghrúpa atá 'i mbaol ard' agus nach bhfuil tinn freastal ar an áit oibre. Ba cheart don fhostaí atá sa ghrúpa atá 'i mbaol ard' gach iarracht a dhéanamh scaradh sóisialta agus dea-shláinteachas láimhe a chleachtadh agus trealamh cosanta pearsanta a úsáid.

4.2.2 Ar aon dul le [mír 1.3](#) de Chaibidil 1, ceanglaítear ar gach fostóir Plean Freagartha COVID-19 atá cothrom le dáta a bheith i bhfeidhm acu. Maidir leis na fostaithe sin a mheastar a bheith 'i mbaol ard' nó 'i ngnáthbhaol', féadfaidh siad freastal ar an áit oibre i gcás go mbeidh an scoil ag déanamh cur chun feidhme ar Phlean Freagartha COVID-19 agus ar an gcomhairle sláinte poiblí do scoileanna.

4.2.3 Féadfaidh fostaí athbhreithniú a iarraidh i gcás go ndearna an tSeirbhís Sláinte Ceirde é/í a chatagóiriú (mar atá tuairiscithe i [mír 4.1 de Chaibidil 4](#)) agus go measfaidh sé/sí gur cuireadh é/í sa chatagóir riosca mhícheart i 'dTuarascáil Catagóirithe Riosca Sláinte COVID-19' ón tSeirbhís Sláinte Ceirde. Féadfaidh an fostaí ríomhphost a sheoladh go díreach chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde (cork@medmark.ie), a dhéanfaidh athmheastóireacht ansin ar an bhfianaise leighis a tugadh. Féadfaidh an fostaí fianaise leighis bhreise a thabhairt mar chuid den phróiseas athbhreithniúcháin. I gcás nach ndéanfar aon athrú ar chatagóiriú riosca sláinte COVID-19 de bhun an athbhreithniúcháin, ní dhéanfar aon athbhreithniú eile ach amháin i gcás go dtabharfar le fios i bhfianaise leighis bhreise gur tháinig athrú ar stádas leighis an fhostaí nó i gcás go mbeidh athrú ann ar na treoirínte ó FSS maidir leis an ngrúpa atá 'i mbaol ard'.

4.2.4 Mar gheall ar an eolas méadaithe atá ann ar COVID-19, is amhlaidh, i gcás riochtaí leighis áirithe, go bhfuil fostaithe a bhí sa ghrúpa atá 'i mBaol Ard' roimhe seo catagóirithe anois a bheith 'i nGnáthbhaol'.

4.2.5 Féach [Caibidil 5](#) (Tábla 5), ina dtugtar mionsonraí faoi na socruithe oibre don ghrúpa fostaithe atá 'i mbaol ard'.

4.2.6 I gcás go mbeidh fostaí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair, ní fhéadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh ar Fhorálacha Tinnis Chriticiúil (mar atá mionsonraithe sa Scéim Saoire Breoiteachta ábhartha) de bharr leochaileacht leighis i leith COVID-19.

## **4.3 Fostaithe Torracha**

4.3.1 Le déanaí, d'fhoilsigh FSS doiciméad dar teideal '[Treoir don Earnáil Oideachais maidir le Fostaithe atá i gCatagóirí Riosca Níos Airde COVID-19, lena n-áirítear Fostaithe Torracha](#)'.

4.3.2 Maidir le fostaí torrach ar a bhfuil aon cheann de na riochtaí leighis atá liostaithe ar shuíomh Gréasáin FSS faoin teideal 'Grúpaí atá i mbaol an-ard (an-leochaileach)', ba cheart di an próiseas atá mionsonraithe i [mír 4.1](#) a leanúint, a mhéid a bhaineann le measúnú Catagóirithe Riosca Sláinte COVID-19.

- 4.3.3 Bunaithe ar an Treoir ó FSS don earnáil oideachais, féadfaidh fostaí torrach atá feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair freastal ar an áit oibre suas go dtí an 14ú seachtain den tréimhse iompair, ach amháin i gcás go ndearna an tSeirbhís Sláinte Ceirde í a chatagóiriú a bheith 'i mBaol An-Ard' de bharr bunriocht sláinte nach mbaineann lena toircheas.
- 4.3.4 Cuirtear in iúl sa Treoir le déanaí ó FSS don earnáil oideachais go gcuirfidh gach fostaí torrach Ceistneoir Measúnaithe Riosca COVID-19 faoi bhráid na Seirbhíse Sláinte Ceirde roimh dheireadh na chéad ráithe toirchis. Ba cheart an próiseas atá mionsonraithe i [mír 4.1](#) a leanúint.
- 4.3.5 Bunaithe ar an Treoir ó FSS, tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde aird ar cé acu atá nó nach bhfuil 'cosaint shuntasach vacsaíne' ag an bhfostaí torrach tráth an mheasúnaithe uathí.
- 4.3.6 Tar éis an 14ú seachtain den tréimhse iompair, maidir le fostaí torrach:
- (a) Nach bhfuil 'cosaint shuntasach vacsaíne' aici go fóill agus nach bhfuil aon bhunriocht sláinte uirthi, déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde í a chatagóiriú a bheith 'i mBaol Ard' agus ní mór di freastal ar an áit oibre, má tá sí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair.
  - (b) Nach bhfuil 'cosaint shuntasach vacsaíne' aici go fóill agus a bhfuil bunriocht sláinte uirthi, déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde í a chatagóiriú a bheith 'i mBaol Ard' nó 'i mBaol An-Ard', bunaithe ar an gcomhairle is déanaí ó FSS maidir le grúpaí atá sa bhaol is airde. I gcás go ndéanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde an fostaí a chatagóiriú a bheith 'i mBaol Ard', ní mór di freastal ar an áit oibre, má tá sí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair. I gcás go ndéanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde í a chatagóiriú a bheith 'i mBaol An-Ard', beidh sí fós ar fáil don obair agus ní mór don fhostóir socruithe malartacha oibre a éascú, i.e. obair ón mbaile.
- 4.3.7 I gcás, maidir le fostaí torrach a measúnaíodh a bheith 'i mBaol An-Ard':
- (a) Go bhfuil 'cosaint shuntasach vacsaíne' aici, déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde í a chatagóiriú a bheith 'i mBaol Ard' agus ní mór di freastal ar an áit oibre, má tá sí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair.
- 4.3.8 I gcás, maidir le fostaí torrach a measúnaíodh a bheith 'i mBaol Ard':
- (a) Go bhfuil 'cosaint shuntasach vacsaíne' aici, déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde í a chatagóiriú a bheith 'i nGnáthbhaol' agus ní mór di freastal ar an áit oibre, má tá sí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair.
- 4.3.9 De réir mhír 1.5.1, tá oibleagáid reachtúil ar an bhfostóir measúnú riosca toirchis san áit oibre a dhéanamh ar fhostaí a luaithe a thabharfar fógra dó go bhfuil sí torrach.
- 4.3.10 Is féidir go ndéanfaidh riochtaí agus cóireálacha áirithe imdhíon-sochta difear dá éifeachtúla atá vacsaíní COVID-19. Tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde aird air sin le linn di measúnú catagóirithe riosca sláinte COVID-19 a dhéanamh agus is féidir go n-athróidh sí an catagóiriú atá tuairiscithe i míreanna 4.1 agus 4.2 thuas.

4.3.11 I gcás toircheas ardriosca nach mbaineann le COVID-19, i gcás go mbeidh fostaí neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta, i.e. forálacha maidir le tinneas a bhaineann le toircheas.

4.3.12 Tá achoimre le haghaidh fostaithe torracha tugtha in [Aguisín G](#) a ghabhann leis an gCiorclán seo.

#### **4.4 Athrú ar Chatagóiriú Riosca Sláinte COVID-19 le linn na scoilbhliana 2021/22**

4.4.1 Is féidir go mbeidh dáta éaga ar áireamh i dTuarascáil Catagóirithe Riosca Sláinte COVID-19 an fhostaí, rud a chinnefidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde bunaithe ar an measúnú aonair.

4.4.2 Mar sin féin, féadfar Tuarascáil Catagóirithe Riosca Sláinte COVID-19 reatha aon fhostaí a athbhreithniú (ar thionscnamh an fhostaí nó na Seirbhíse Sláinte Ceirde) ag aon am le linn na scoilbhliana 2021/22 de bharr athrú ar na nithe seo a leanas:-

##### **(a) An chomhairle ó FSS**

I gcás go nuashonrófar an chomhairle ó FSS don ghrúpa atá sa bhaol is airde, is féidir go dtiocfaidh athrú ar chatagóiriú riosca sláinte COVID-19 dá bharr sin. Déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde teagmháil leis an bhfostaí a chuir Ceistneoir Measúnaithe Riosca COVID-19 isteach chun iarraidh air/uirthi Ceistneoir nua a chur isteach. I gcás go ndéanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde an fostaí a athchatagóiriú, ceanglófar air/uirthi fillleadh ar an áit oibre, ach amháin i gcás go ndéanfar é/í a chatagóiriú a bheith 'i mBaol An-Ard'.

##### **(b) Diagnóis leighis**

I gcás go dtiocfaidh athrú ar dhiagnóis nó cóireáil leighis, ní mór don fhostaí atá 'i mBaol Ard' nó 'i mBaol An-Ard' Ceistneoir Measúnaithe Riosca COVID-19 nua a chur faoi bhráid na Seirbhíse Sláinte Ceirde. I gcás go ndéanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde fostaí atá 'i mBaol An-Ard' a athchatagóiriú, ceanglófar air/uirthi fillleadh ar an áit oibre.

##### **(c) Stádas vacsaínithe**

I gcás go ngnóthóidh an fostaí atá 'i mBaol An-Ard' 'cosaint shuntasach vacsaíne' ó rinne an tSeirbhís Sláinte Ceirde measúnú air/uirthi, is féidir go dtiocfaidh athrú ar chatagóiriú riosca sláinte COVID-19 dá bharr sin. Ní mór don fhostaí Ceistneoir Measúnaithe Riosca COVID-19 nua a chur faoi bhráid na Seirbhíse Sláinte Ceirde. I gcás go ndéanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde an fostaí a athchatagóiriú, ceanglófar air/uirthi fillleadh ar an áit oibre, ach amháin i gcás go ndéanfar é/í a chatagóiriú a bheith 'i mBaol An-Ard'.

#### **4.5 Fostaithe Torracha a Oibríonn i Suíomh Oideachais Speisialta**

4.5.1 Bunaithe ar an Treoir ó FSS, aithnítear gur féidir go dtiocfaidh riosca difriúil áit oibre chun cinn i suíomhanna oideachais speisialta toisc go mbeidh fostaithe ag obair i dtimpeallachtaí laistigh ina mbeidh sé níos deacra cloí le scaradh sóisialta. Fágann saintréithe na suíomhanna oideachais speisialta gur gá bheith níos cúramaí maidir le fostaithe torracha a shocrú.

4.5.2 Faoi réir mhír 4.5.3 thíos, níor cheart, tar éis an 14ú seachtain den tréimhse iompair, ceanglas a chur ar fhostaí torracha a ndearna an tSeirbhís Sláinte Ceirde í a

chatagóiriú a bheith 'i mBaol Ard' obair i dtimpeallacht ina gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

- (a) **Suíomh Oideachais Speisialta**, a chiallaíonn scoil speisialta nó rang speisialta tiomnaithe atá lonnaithe laistigh de bhunscoil nó iar-bhunscoil príomhshrutha; **ar suíomh é**
- (b) ina mbíonn triúr fostaithe nó níos mó i láthair san aon seomra amháin le linn an lae oibre; **agus**
- (c) nach féidir scaradh sóisialta idir na fostaithe a bhaint amach go seasta ann.

4.5.3 I gcás, tar éis don fhostóir measúnú riosca san áit oibre a dhéanamh, go gcinnefar go bhfuil feidhm ag na critéir thuas maidir le timpeallacht oibre an fhostaí thorraigh atá 'i mBaol Ard', fuasclófar go sealadach í ó fhreastal ar an suíomh oideachais speisialta le linn an toirchis.

4.5.4 Maidir leis sin, i gcás rang oideachais speisialta atá lonnaithe i scoil príomhshrutha, ní mór don fhostóir tús a thabhairt don fhostaí torrach, a chomhlíonann na critéir atá leagtha amach i mír 4.5.2, a athshannadh chuig ról atá lonnaithe laistigh den scoil agus lasmuigh den suíomh oideachais speisialta sin. Déanfar fostaí atá ann cheana laistigh den scoil, agus a bhfuil a ról reatha lonnaithe lasmuigh den suíomh oideachais speisialta sin, a athshannadh chuig an rang oideachais speisialta ansin.

4.5.5 I gcás suíomh oideachais speisialta atá lonnaithe i scoil oideachais speisialta, ní mór don fhostóir tús áite a thabhairt don fhostaí torrach a athshannadh chuig ról cuí, ar ról é atá comhsheasmhach le Conradh an fhostaí agus atá lonnaithe lasmuigh den suíomh oideachais speisialta sin, más féidir. Déanfar fostaí atá ann cheana laistigh den scoil, agus a bhfuil a ról reatha lonnaithe lasmuigh den suíomh oideachais speisialta sin, a athshannadh chuig an rang oideachais speisialta ansin. I gcás go bhféadfaidh an fhostóir a léiriú nach féidir an t-athshannadh sin a dhéanamh, ní mór don fhostóir socruithe malartacha oibre a éascú don fhostaí torrach atá 'i mBaol Ard' le linn na tréimhse sin, i.e. obair ón mbaile.

4.5.6 I gcás fostaí torrach a oibríonn i suíomh oideachais speisialta agus nach féidir a athshannadh mar atá leagtha amach i mír 4.5.5 agus nár cheart di, dá bhrí sin, freastal ar an áit oibre, ní mór di an Fhoirm Dearbhaithe in [Aquisín F](#) a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais láithreach chuig an bhfostóir.

4.5.7 I gcás go n-éascófar fostaí torrach i scoil oideachais speisialta, a ndearna an tSeirbhís Sláinte Ceirde í a chatagóiriú a bheith 'i mBaol Ard', obair go cianda, féadfaidh an fhostóir ionadaí a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi a cheapadh.

4.5.8 Ní mór an próiseas taifeadta ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann le haghaidh fostaí atá 'i mBaol An-Ard', mar atá mionsonraithe i [mír 4.1.15](#), a leanúint le haghaidh fostaí torrach atá 'i mBaol Ard' agus a oibríonn ón mbaile.

## **4.6 Socruithe Malartacha Oibre**

4.6.1 Maidir le fostaí atá feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair agus ar cuireadh in iúl dó/di srian a chur lena g(h)luaiseacht, nó maidir le fostaí atá i mbaol an-ard tinneas trom a fháil de dheasca COVID-19 a tholadh, tá sé/sí ar fáil chun obair go cianda.



4.6.2 Ba cheart don fhostóir a chinneadh cén obair a shannfar don fhostaí. Ba cheart don fhostóir gach iarracht a dhéanamh dualgais ábhartha a shannadh, ar dualgais iad a thacaíonn le hobair na scoile maidir lena cláir theagasc agus foghlama do dhaltaí/scoláirí a fhorbairt agus a sholáthar.

4.6.3 I gcás múinteoirí, áirítear na nithe seo a leanas leis na dualgais sin:

- Idirchaidreamh dlúth a dhéanamh leis an múinteoir ionaid/leis na múinteoirí ionaid agus tacaíocht a thabhairt don mhúinteoir ionaid/do na múinteoirí ionaid ina c(h)uid oibre/ina gcuid oibre, rud ar féidir go mbeidh teagmháil dhíreach le daltaí/scoláirí i gceist leis.
- Páirt a ghlacadh i ranganna a theagasc ar líne.
- Tacú le hobair agus dul chun cinn daltaí/scoláirí atá i mbaol an-ard nó atá an-leochaileach agus nach bhfuil in ann freastal ar an scoil, agus leas á bhaint as teicneolaíocht ar líne.
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe foirne, i gcruinnithe pleanála foirne/ábhair agus i ngach gnáthchruinniú eile, agus leas á bhaint as teicneolaíocht ar líne.
- Páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil ábhartha trí na meáin teicneolaíochta cianteagasc éigeandála ar líne.
- Forbairt a dhéanamh ar ghnéithe d'acmhainní teagasc nó pleananna teagasc na scoile.
- Beartais scoile uile a athbhreithniú agus a fhorbairt ar aon dul le tosaíochtaí na scoile agus i bhfianaise an chomhthéacs reatha.
- Cúraimí riaracháin nó cúraimí eile a bhaineann le post freagrachta (ar choinníoll go sealbhaíonn an múinteoir an post freagrachta ar aon dul le foilseacháin ábhartha ón Roinn Oideachais) a chur i gcrích a mhéid is mó is féidir trí leas a bhaint as teicneolaíocht ar líne.

4.6.4 I gcás múinteoirí atá ag obair go cianda, is féidir go n-áireofar leis sin ainmniú chuig Ionad Oideachais Áitiúil chun tacú le foghlaim na ndaltaí/na scoláirí ó scoileanna eile atá i mbaol an-ard tinneas trom a fháil de dheasca COVID-19 a tholghadh.

4.6.5 I gcás cúntóirí riachtanas speisialta atá ag leanúint ar aghaidh ag obair faoi stiúir an phríomhoide nó faoi stiúir múinteora eile a chinnfidh an príomhoide, áirítear na nithe seo a leanas leis na dualgais sin:

- Idirchaidreamh dlúth a dhéanamh leis an bpríomhoide/le múinteoir(i) ranga agus obair faoi stiúir an phríomhoide nó múinteora/múinteoirí ranga.
- Idirchaidreamh dlúth, agus teagmháil a dhéanamh, leis an gcúntóir riachtanas speisialta ionaid agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta ionaid ina c(h)uid oibre. Áirítear na nithe seo leis an gcomhairle sin:
  - Comhairle a thabhairt maidir leis na nithe a n-éiríonn leo de ghnáth don leanbh/don scoláire ar scoil.
  - Taispeántas/comhairle/oiliúint a sholáthar ar straitéisí atá ceaptha chun tacú le riachtanais an linbh/an scoláire.
  - Tacú le sceideal a fhorbairt chun lá an linbh/an scoláire a struchtúru.
  - Cabhrú le scéalta sóisialta a sholáthar chun cur leis an tuiscint atá acu ar an éigeandáil sláinte atá i réim.
  - Tacaíocht agus comhairle a thabhairt agus daingniú a dhéanamh chun dul i ngleic le hiompraíochtaí dúshlánacha.

- Obair maidir le hacmhainní oideachasúla nó teiripeacha/ábhair oideachasúla nó theiripeacha a sholáthar i gcomhar leis an múinteoir agus leis an gcúntóir riachtanas speisialta ionaid.
- Tacú agus dul i dteagmháil le daltaí atá i mbaol an-ard nó atá an-leochaileach agus nach bhfuil in ann freastal ar an scoil, agus faireachán a dhéanamh ar na daltaí sin, agus leas á bhaint as teicneolaíocht ar líne nó as tacaíocht teileafóin mura mbíonn córais ar líne ar fáil.
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe foirne agus i ngach gnáthchruinniú eile, agus leas á bhaint as teicneolaíocht ar líne nó as an teileafón mura mbíonn córais ar líne ar fáil.

I gcás nach féidir ról reatha an chúntóra riachtanas speisialta a chomhlíonadh go cianda, is féidir gur lasmuigh de na gnáth-phríomhdhualgais atá air/uirthi a bheidh an obair a shannfar.

4.6.6 Maidir le haon fhostaí atá 'i mBaol An-Ard' agus nach gá é/í a choinneáil chun seirbhísí a sholáthar dá scoil, beidh sé/sí ar fáil, dá bhrí sin, lena s(h)annadh ar bhonn sealadach chun tacú le seirbhísí poiblí bunriachtanacha eile a sholáthar. Rachfar i dtuilleadh teagmhála leis na Comhpháirtithe Oideachais maidir leis an bpróiseas a bheidh i gceist agus cuirfidh an Roinn fostóirí ar an eolas faoin bpróiseas comhaontaithe.

#### **4.7 Fostaí a bhfuil freagrachtaí cúraim nó freagrachtaí cúram leanaí air/uirthi nó a chónaíonn le duine aonair atá i mbaol ard nó atá i mbaol an-ard**

4.7.1 Níl saoire speisialta le pá ar fáil d'aon fhostaí a bhfuil freagrachtaí cúraim nó freagrachtaí cúram leanaí a bhaineann le COVID-19 air/uirthi ná d'aon fhostaí a chónaíonn le duine aonair atá i mbaol ard nó atá i mbaol an-ard.

4.7.2 Mar sin féin, tá teideal ag fostaí ar mian leis/léi leas a bhaint as teidlíochtaí saoire ábhartha atá ann cheana go ndéanfadh a f(h)ostóir breithniú ar iarrataí den sórt sin (e.g. Saoire do Thuismitheoirí/Saoire Cúramóra/Saoire *Force Majeure*), ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha na bhfoilseachán ón Roinn. Le linn dó breithniú a dhéanamh ar iarratas den sórt sin, ní mór don fhostóir aird a thabhairt ar bheartas na scoile maidir le neamhláithreachtaí fostaithe, áit nach mór tús áite a thabhairt do leas agus riachtanais oideachais na ndaltaí/na scoláirí thar rud ar bith eile.

4.7.3 Maidir le fostaí a chónaíonn le duine aonair atá i mbaol an-ard, ba cheart dó/di freastal ar an áit oibre agus cloí leis na treoirínte ó FSS chun é/í féin a chosaint agus chun an riosca tarchuir a íoslaghdú. Tá Plean Freagartha COVID-19 na scoile ceaptha chun an riosca tarchuir a íoslaghdú san áit oibre.

4.7.4 Féach [Caibidil 5](#) (Tábla 6), ina dtugtar mionsonraí faoi na socruithe oibre a mbeidh feidhm acu.

## 5. Treoir d'Fhostóirí - Socruithe Saoire agus Oibre COVID-19 le haghaidh Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna

**Tábla 1 – COVID-19: Féinleithlisiú (féach mír 2.3 de Chaibidil 2 den Chiorclán seo)**

Uimh.	Cás	Stádas Saoire (faoi réir deimhniú sásúil ó FSS/deimhniú leighis sásúil a fháil)	An bhfuil sé amhlaidh go n-íocfaidh an Pámháistir leis an ionadaí?
1	Tá fostaí a bhfuil siomptóim COVID-19 air/uirthi ag feitheamh le measúnú leighis chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil tástáil COVID-19 ag teastáil, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil cosaint shuntasach vacsaíne aige/aici.	Beidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá (COVID-19: Féinleithlisiú) le linn na tréimhse seo.	Tá
2	Chuir lia-chleachtóir ginearálta/FSS in iúl d'fhostaí a bhfuil siomptóim COVID-19 air/uirthi freastal ar thástáil COVID-19 agus tá an fostaí ag feitheamh leis an tástáil agus leis an toradh.	Beidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá (COVID-19: Féinleithlisiú) le linn na tréimhse seo.	Tá
3	Tugadh fógra d'fhostaí a bhfuil siomptóim COVID-19 air/uirthi faoi thoradh diúltach ar thástáil COVID-19 agus chuir FSS in iúl dó/di freastal ar dhara tástáil.	Beidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá (COVID-19: Féinleithlisiú) le linn na tréimhse seo.	Tá

**Tábla 2 – COVID-19: Diagnóis (féach mír 2.4 de Chaibidil 2 den Chiorclán seo)**

Uimh.	Cás	Stádas Saoire (faoi réir deimhniú sásúil ó FSS/deimhniú leighis sásúil a fháil)	An bhfuil sé amhlaidh go n-íocfaidh an Pámháistir leis an ionadaí?
1	Tugadh fógra d'fhostaí a bhfuil siomptóim COVID-19 air/uirthi faoi thoradh deimhneach ar thástáil COVID-19. Ní mór don fhostaí féinleithlisiú ar feadh 10 lá ó thús na siomptóm agus ní mór dó/di bheith saor ó fhiabhras le cúig lá (ar tréimhse í a fhéadfaidh rith i gcomhthráth leis an tréimhse féinleithlisithe) sula bhféadfaidh sé/sí fillleadh ar an áit oibre. Tosaíonn an tréimhse féinleithlisithe 10 lá tráth thús na siomptóm agus ní ar an dáta a fuarthas toradh deimhneach ar thástáil COVID-19. Ní mór don fhostaí féinleithlisiú ar feadh na tréimhse a chuirfidh FSS in iúl, má tá athraitheach COVID-19 ar ábhar imní é air/uirthi.	Beidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá (COVID-19: Diagnóis) le linn na tréimhse seo, ar feadh suas le tréimhse uasta 28 lá. I gcás go mairfidh an neamhláithreach níos mó ná 28 lá, taifeadfar an fostaí a bheith as láthair ar Shaoire Bhreiteachta, ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag na critéir atá mionsonraithe mar chás 2 thíos.  Cosúil le téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breiteachta, ní mór d'fhostóir an fostaí a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde i gcás go bhfuil sé/sí as láthair ar shaoire speisialta le pá ar feadh tréimhse 28 lá.	Tá

2	Tugadh fógra d'fhostaí a bhfuil siomptóim COVID-19 air/uirthi faoi thoradh deimhneach ar thástáil COVID-19 agus tá sé/sí fós as láthair tar éis na tréimhse 28 lá, mar atá tuairiscithe sa tábla seo ag cás 1 thuas.	<p>Ón 1 Eanáir 2021, féadfaidh an fostóir Saoire Speisialta le Pá a fhadú tar éis 28 lá i gcás go gcomhlíonfar na critéir seo a leanas:-</p> <p>Dheimhnigh an fostóir go raibh an fostaí san áit oibre (faoi réir é sin a chomhaontú roimh ré) le linn aon cheann de na 14 lá féilire roimh thús na siomptóm.</p> <p>Thug an fostaí fianaise leighis shásúil don fhostóir ar an dáta a rinne sé/sí tástáil COVID-19 agus ar an toradh deimhneach a fuair sé/sí uirthi.</p> <p>Thug an tSeirbhís Sláinte Ceirde tuarascáil don fhostóir, rud ina luaitear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>i. go bhfuil an fostaí neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun filleadh ar an obair</li> <li>ii. go mbaineann neamhláithreach an fhostaí go príomha le tinneas leanúnach COVID-19</li> <li>iii. go mbíonn cúram leighis cuí á rochtain ag an bhfostaí</li> </ul> <p>Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil i <a href="#">mír 2.5 de Chaibidil 2</a> den Chiorclán seo.</p>	Tá
3	Tugadh fógra d'fhostaí nach bhfuil siomptóim COVID-19 air/uirthi agus ar dlúth-theagmhálaí é/í le cás deimhnithe COVID-19 faoi thoradh deimhneach ar thástáil. Ní mór don fhostaí <a href="#">féinleithlisiú ar feadh 10 lá ón dáta a rinne sé/sí tástáil COVID-19</a> .	Beidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá (COVID-19: Diagnóis) le linn na tréimhse seo	Tá

**Tábla 3 – COVID-19: Gluaiseacht Shrianta (féach [Caibidil 3](#) den Chiorclán seo)**

Uimh.	Cás	Stádas Saoire (faoi réir deimhniú ó FSS/deimhniú leighis a fháil, nuair is cuí)	An bhfuil sé amhlaidh go n-íocfaidh an Pá mháistir leis an ionadaí?
1	Níl cosaint shuntasach vacsaíne ag fostaí agus níl siomptóim COVID-19 air/uirthi, ach chuir Foireann Rianaithe Teagmhála FSS in iúl dó/di gur <a href="#">dlúth-theagmhálaí</a> é/í le cás deimhnithe COVID-19. Socraítear tástáil COVID-19 don fhostaí.	<p>(i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo.</p> <p>(ii) Beidh ar an bhfostaí srian a chur lena g(h)luaiseacht ar feadh 14 lá, ar feitheamh toradh tástála a fháil. I gcás go mbeidh an fostaí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair, ba cheart é/í a éascú obair go cianda ar feadh na tréimhse (féach <a href="#">mír 4.6 de Chaibidil 4</a> dar teideal 'Socruithe Malartacha Oibre' de Chiorclán 0042/2021).</p> <p>(iii) Mar mhalairt air sin, i gcás nach mbeidh an fostaí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair go cianda de bharr tinneas nach mbaineann le COVID-19, taifeadfar é/í a bheith as láthair ar Shaoire Bhreiteachta le linn na tréimhse seo.</p> <p>(iv) An toradh ar thorthaí tástála:-</p> <p><b>An chéad toradh tástála diúltach:</b> I gcás gurb amhlaidh, níos lú ná 10 lá tar éis na teagmhála deireanaí le cás deimhnithe, go bhfaighfear toradh diúltach ar an gcéad tástáil (is é sin le rá nár braitheadh COVID-19), beidh ar an bhfostaí leanúint le srian a</p>	Tá

		<p>chur lena g(h)luaiseacht ar feadh 14 lá nó go dtí go mbeidh an toradh ar an dara tástáil ar eolas (féach thíos).</p> <p>I gcás go ndéanfar an chéad tástáil 10 lá ar a laghad tar éis na teagmhála deireanaí le cas deimhniú agus go bhfaighidh an fostaí toradh diúltach ar an tástáil (is é sin le rá nár braitheadh COVID-19) agus nach mbeidh aon siomptóim air/uirthi, féadfaidh sé/sí scor de shrian a chur lena g(h)luaiseacht agus ní bheidh air/uirthi dara tástáil a dhéanamh.</p> <p><b>An dara toradh tástála diúltach:</b> I gcás, 10 lá tar éis na teagmhála deireanaí le cas deimhniú, go bhfaighidh an fostaí toradh diúltach ar an dara tástáil (is é sin le rá nár braitheadh COVID-19) agus nach mbeidh aon siomptóim air/uirthi, féadfaidh sé/sí scor de shrian a chur lena g(h)luaiseacht.</p> <p><b>Toradh tástála deimhneach:</b> Beidh feidhm ag cas Uimh. 3 faoi Thábla 2 (COVID-19: Diagnóis) láithreach. Sa chás sin, ní mór don fostaí féinleithsiú ar feadh 10 lá ón dáta a rinne sé/sí tástáil COVID-19.</p>	
2	Níl siomptóim COVID-19 ar fostaí (is cuma cén stádas vacsaínithe atá aige/aici), ach chuir Foireann Rianaithe Teagmhála FSS in iúl dó/di gur dlúth-theagmhálaí é/í le cas deimhniú <i>athraitheach COVID-19 ar ábhar imní é.</i>	<p>(i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo.</p> <p>(ii) Beidh ar an bhfostaí srian a chur lena g(h)luaiseacht ar feadh 14 lá, ar feitheamh toradh tástála a fháil. I gcás go mbeidh an fostaí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair, ba cheart é/í a éascú obair go cianda ar feadh na tréimhse (féach <a href="#">mír 4.6 de Chaibidil 4</a> dar teideal ‘<i>Socruithe Malartacha Oibre</i>’ de Chiorclán 0042/2021).</p> <p>(iii) Mar mhalairt air sin, i gcás nach mbeidh an fostaí feidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair go cianda de bharr tinneas nach mbaineann le COVID-19, taifeadfar é/í a bheith as láthair ar Shaoire Bhreiteachta le linn na tréimhse seo.</p> <p>(iv) An toradh ar thorthaí tástála:-</p> <p><b>Toradh tástála diúltach:</b> I gcás, 10 lá tar éis na teagmhála deireanaí le cas deimhniú, go bhfaighidh an fostaí toradh diúltach ar thástáil COVID-19 (is é sin le rá nár braitheadh COVID-19) agus nach mbeidh aon siomptóim air/uirthi, féadfaidh sé/sí scor de shrian a chur lena g(h)luaiseacht.</p>	Tá
3	Níl siomptóim COVID-19 ar fostaí a bhfuil cosaint shuntasach vacsaíne aige/aici nó a théarnaigh roimhe seo ó COVID-19, ach chuir Foireann Rianaithe Teagmhála FSS in iúl dó/di gur dlúth-theagmhálaí é/í le cas deimhniú COVID-19.	Ní cheanglófar ar an bhfostaí srian a chur lena g(h)luaiseacht, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh sé/sí na critéir atá leagtha amach ar <a href="#">shuíomh Gréasáin FSS</a>	Ní bhaineann
4	Cónaíonn fostaí nach bhfuil siomptóim COVID-19 air/uirthi le ‘duine’ a bhfuil siomptóim COVID-19 air/uirthi. Ní mór don ‘duine’ sin tástáil COVID-19 a shocrú.	<p>(i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo.</p> <p>(ii) Beidh ar an bhfostaí srian a chur lena g(h)luaiseacht, ar feitheamh toradh tástála an ‘duine’ a fháil. Beidh feidhm ag socruithe oibre cianda, mar atá mionsonraithe i gcás 1 i dTábla 3. I gcás go dtabharfar fógra don ‘duine’ faoi na nithe seo a leanas:-</p> <p><b>(a) Toradh tástála diúltach:</b> scoirfidh an fostaí de shrian a chur lena g(h)luaiseacht láithreach agus fillfidh sé/sí ar an áit oibre.</p> <p><b>(b) Toradh tástála deimhneach:</b> sainaithneofar an fostaí mar dhlúth-theagmhálaí agus beidh feidhm ag cas 1 i dTábla 3 láithreach.</p>	Tá
5	Tá imní ar fostaí go bhfuil siomptóim COVID-19 air/uirthi, ach chuir lia-chleachtóir ginearálta in iúl dó/di nach gcomhlíonann sé/sí	(i) Ní bheidh feidhm ag Saoire Speisialta le Pá le linn na tréimhse seo	Tá

	na critéir le haghaidh thástáil COVID-19. Is féidir go gcuirfidh an lia-chleachtóir ginearálta in iúl don fhostaí srian a chur lena g(h)luaiseacht go dtí go mbeidh sé/sí saor ó shiomptóim le 48 n-uaire an chloig.	(ii) I gcás go mbeidh an fostaí neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun obair, beidh sé/sí ar Shaoire Bhreoteachta le linn na tréimhse seo agus beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoteachta. (iii) I gcás go mbeidh an fostaí feidhmiúil chun obair ag aon am le linn na tréimhse seo, ba cheart é/í a éascú obair go cianda (féach <a href="#">mír 4.6 de Chaibidil 4</a> dar teideal 'Socruithe Malartacha Oibre' de Chiorclán 0042/2021).	
